An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht churaclaim do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Clár Ábhar


An tSraith Shinsearach 2

Réasúnaíocht 4

Aidhmeanna 5

Sainmhínithe ar Dhráma, Scannán agus Amharclannaíocht chun críocha na Sonraíochta seo 6

Leanúnachas agus dul chun cinn 6

Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach 8

Príomhinniúlachtaí 9

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 13

Snáithe 1: An Próiseas Cruthaitheach 14

Snáithe 2: Próiseas na Freagartha Criticiúla 20

Snáithe 3: Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna) 24

Teagasc ar fhoghlaim an scoláire 32

Measúnú 34

Socruithe réasúnta 38

Aguisín 1 – Gluais Téarmaí 40

Aguisín 2 – Gluais de Bhriathra Gnímh 42

Aguisín 3 – Ról na Scéalaíochta 44

# An tSraith Shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
|---|
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an sraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Cuirtear le forbairt iomlánaíoch an duine nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Cuireann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta le réimse na n-ábhar praiticiúil, bunaithe ar na healaíona, i gcuraclam na sraithe sinsearaí, ag spreagadh agus ag cur chun cinn oideachais leathain.

Cuirtear deiseanna ar fáil i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta d'eispéiris phearsanta, aeistéitice, chomhoibríocha agus fheabhsaithe ó thaobh an chultúir de. De réir mar a chuireann an scoláire an t-eolas, na scileanna, luachanna agus meonta i bhfeidhm a bhfuil gá leo chun coincheapa a thabhairt chun críche – ina aonar agus i ngrúpaí - rachaidh sé i ngleic le, tabharfaidh sé freagra ar, déanfaidh sé anailís agus measúnú ar a shaothar féin agus ar shaothar daoine eile.

Má thugann an scoláire faoin ábhar seo cabhrófar leis smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil agus tuairimí feasacha a fhorbairt. Cuirtear deiseanna ar fáil don scoláire san ábhar seo smaoineamh ar bhealach éagsúil agus radacach fiú, eispéiris aeistéitice a fhiosrú, fadhbanna a réiteach agus gnásanna agus an ceartchreidimh a cheistiú.

Fiosróidh an scoláire agus bainfidh sé triail as an scéalaíocht don scannánaíocht agus don amharclann de réir mar a théann sé i ngleic le próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla. Forbróidh sé agus cuirfidh sé a chuid inniúlachtaí i bhfeidhm i gcásanna cruthaitheacha lena n-áirítear comhoibriú, pleanáil, forbairt, taibhiú/taispeáint agus measúnú a dhéanamh ar a shaothar féin, chomh maith le freagra criticiúil a thabhairt ar shaothar daoine eile. Beidh cothú na smaointeoireachta feasaí, cruthaithí, criticiúla mar chuid lárnach de phróiseas foghlama ina dtugtar eolas don chleachtas trína thuiscint féin ar phríomhghnéithe, teicnící agus gnásanna ar leith na seánraí, na dtréimhsí, na stíleanna agus na bhfoirmeacha ábhartha.

Chomh maith leis sin, nuair a théitear i ngleic leis na healaíona drámaíochta, scannánaíochta agus amharclannaíochta, ceadaítear do dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu foghlaim faoi ghnásanna agus faoi thraidisiúin a chéile agus teacht ar chomhthuiscint agus ar chomhbhá. Dá réir sin cabhraítear le tuiscint thraschultúrtha a éascú agus an ionbhá a chur chun cinn.  Anuas air sin, cabhróidh an taithí atá ag an scoláire ar Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta lena rannpháirtíocht sna foirmeacha ealaíne seo ar feadh a shaoil.

## Aidhmeanna

Fiosróidh an scoláire domhan na drámaíochta, na scannán agus na hamharclannaíochta agus gheobhaidh sé taithí air; ar an gcaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar a shaothar agus ar a roghanna cruthaitheacha criticiúla agus mar sin, músclófar feasacht ann ar an ról atá aige sa tsochaí trí chéile.

Trí rannpháirtíocht sa drámaíocht, sa scannánaíocht agus san amharclannaíocht, tá sé mar aidhm ag an ábhar seo:

- scileanna taibhithe, léirithe agus teicniúla an scoláire a fhorbairt trí eispéiris thumthacha agus glacadh rioscaí cruthaitheach
- an smaointeoireacht fheasach a chothú tríd an bhfoghlaim a dtacaíonn próisis fhreagartha chruthaitheacha agus chriticiúla léi
- léirthuiscint a fhorbairt do chleachtóirí aitheanta, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus dá gcuid saothair, i réimse leathan comhthéascanna
- tuiscint a chur chun cinn ar spéis sna healaíona agus sa chultúr ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear bealaí chun páirt a ghlacadh iontu mar chaitheamh aimsire, trí thuilleadh staidéir a dhéanamh orthu agus/nó mar phost
- an scoláire a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhforbairt phearsanta agus ar an bhféinmhachnamh trí na healaíona.

# Sainmhínithe ar Dhráma, Scannán agus Amharclannaíocht chun críocha na Sonraíochta seo

Glactar leis sa tsonraíocht seo go bhfuil níos mó ná dráma i gceist leis an drámaíocht; d'fhéadfaí breathnú air mar fhoirm de léiriú cultúrtha. D'fhéadfaí breathnú ar an amharclannaíocht mar léiriú níos foirmiúla de dhráma, tá sé i gceist go bhfaigheadh an lucht féachana taithí air agus go mbainfidís ciall as in áit ar bith, lena n-áirítear in amharclann. Ar mhaithe le soiléireacht sa tsonraíocht seo, úsáidtear na téarmaí 'dráma' agus 'amharclannaíocht' go hinmhalartaithe. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, úsáidtear an téarma 'amharclannaíocht' sna torthaí foghlama.

Meastar gur sraith d'íomhánna gluaisteacha é scannán, a cheaptar do lucht féachana chomh maith. Breathnaítear air i bpictiúrlann, ar an teilifís nó ar ghléas de ghnáth ach ní i gcónaí.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tógann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta ar an eolas, na scileanna, na luachanna, na meonta agus ar an raon leathan scileanna inaistrithe a eascraíonn ó thaithí oideachasúil an scoláire sa chóras luathóige, sa bhunscoil agus sna leibhéil iar-bhunscoile.

Tá gnéithe na drámaíochta, na scannánaíochta agus na hamharclannaíochta mar chuid de shaol curaclaim agus seach-churaclaim go leor timpeallachtaí luathbhlianta, bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunscoile trí léiriú ceoldrámaí, drámaí, seónna nó ceolchoirmeacha agus trí léirithe ealaíonta a fheiceáil ar scoil agus lasmuigh den suíomh scoile.

Cuireann roinnt scoileanna oideachas a bhaineann go sonrach leis an drámaíocht ar fáil agus tá go leor comhpháirtíochtaí ann idir scoileanna agus cleachtóirí drámaíochta agus scannánaíochta na háite, lena n-áirítear réimse leathan tograí a chuireann na healaíona chun cinn a dtacaíonn an Roinn Oideachais, an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla leo.

## An tSraith Shóisearach

Sa tsraith shóisearach, féadfaidh an scoláire taithí a fháil ar dhrámaíocht agus ar scannáin ar bhealaí éagsúla. I gCuraclam Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, déanann an scoláire fiosrú ar théacsanna agus scannáin drámaíochta chun feasacht a fhorbairt ar sheánraí agus ar stíleanna difriúla. Déanann gach scoláire staidéar ar scannán amháin agus ar dhá théacs drámaíochta nó ar dhráma amháin ar a laghad, chomh maith le sraith sleachta le linn dó staidéar a dhéanamh sa dara agus sa tríú bliain de Bhéarla na sraithe sóisearaí. Cuimsíonn liosta na dtéacsanna atá le léamh drámadóirí na hÉireann agus drámadóirí idirnáisiúnta, chomh maith le scannáin na hÉireann, scannáin i dteangacha iasachta agus scannáin bheochana.

Anuas air sin, déantar staidéar ar théacsanna drámaíochta agus ar scannáin sa Ghaeilge, sa Léann Clasaiceach agus sna Nuatheangacha Iasachta ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Sa Ghaeilge, déanann an scoláire staidéar ar ghearrscéalta, ar dhrámaí agus ar ghearrscannáin. Sa Léann Clasaiceach foghlaimíonn an scoláire faoi chumhacht na scéalaíochta agus fiosraíonn sé forbairt agus léiriú an charachtair tríd an drámaíocht eipice agus scéalta miotasacha agus stairiúla eile a léamh. Sna Nuatheangacha Iasachta cuirtear téacsanna dílse a roghnaíonn an múinteoir os comhair an scoláire agus d'fhéadfadh téacsanna drámaíochta amhail giotaí de chomhráite agus de scannáin a bheith mar chuid díobh.

Is féidir leis an scoláire taithí a fháil ar léann na drámaíochta, na scannán nó ná hamharclannaíochta tríd an ngearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne ina dtugtar an deis don scoláire dul i ngleic leis na healaíona trí phleanáil agus rannpháirtíocht a ghlacadh i dtaibhiú ealaíne.

## I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Is féidir leis na inniúlachtaí a fhorbraítear trí dhul i ngleic le Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta dul chun sochair don scoláire ina shaol mar dhuine fásta ar réimse bealaí, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht le saol cultúrtha a cheantair agus a phobail agus i gcúrsaí fostaíochta. Is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na hinniúlachtaí seo trí bhreisoideachas, oideachas aosach agus ardoideachas. Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar Dhrámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht na hArdteistiméireachta cuirtear bunchloch thábhachtach ar fáil chun tabhairt faoi go leor gairmeacha iontacha agus sásúla, lena n-áirítear fostaíocht in amharclanna, stiúideonna scannánaíochta, eagraíochtaí rialtais, eagraíochtaí reachtúla agus deonacha agus an earnáil oideachais.

# Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire laistigh de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu agus gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí ar fad. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris ar fad sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn laistigh den ábhar nó den mhodúl i gceist faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


# Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach comhtháite le linn na sraithe sinsearaí.




Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo.

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú; in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Is féidir na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí, mar a leagtar amach thíos.

## A bheith cruthaitheach

Cothaítear an chruthaitheacht i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta trí rannpháirtíocht sa phróiseas cruthaitheach. Treoraíonn an próiseas an scoláire ina chleachtas cruthaitheach agus tugann sé eolas do phróiseas na freagartha criticiúla. De réir mar a fhorbraíonn sé píosaí amharclannaíochta agus scannánaíochta arís is arís eile, bainfidh sé úsáid as réimse straitéisí agus próiseas a thacaíonn lena chruthaitheacht, lena n-áirítear lena rannpháirtíocht in eispéiris chultúrtha cosúil leis an amharclann bheo agus an phictiúrlann agus foghlaim ó shaothair chruthaitheacha. Cabhróidh a chuid staidéir leo a chruthaitheacht a chothú, ag forbairt gnéithe mar shampla an fhiosracht, an spraíúlacht agus an leathanaigeantacht.

## Folláine a chothú

Foghlaimeoidh an scoláire an chaoi le gníomhú le hionracas, freagracht a ghlacadh as a chuid oibre féin agus as obair an ghrúpa. Déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar a chuid luachanna agus meonta a thacaíonn leis an bhfolláine agus leis an acmhainn plé le agus freagairt do dhúshláin. Beidh spás sábháilte ag an scoláire chun glacadh rioscaí a fhorbairt agus beidh sé compordach leis an débhríocht agus leis an éiginnteacht ach, san am céanna, ag aimsiú bealaí le dul chun cinn a dhéanamh. De réir mar a fhorbraíonn a shaothair chruthaitheacha, foghlaimeoidh sé le critíc a thabhairt ar cháilíocht a chuid oibre féin agus ar obair daoine eile, machnamh ionraic a dhéanamh, aiseolas fiúntach a thabhairt agus a fháil. Déanfaidh sé machnamh ar a chruthaitheacht féin agus ar a rannpháirtíocht leis an bpróiseas cruthaitheach.

## Ag Smaoineamh agus ag Réiteach Fadhbanna; An fhoghlaim a bhainistiú agus an féinbhainistiú

Trí na próisis chruthaitheacha agus próisis na freagartha criticiúla, cuirfidh an scoláire an smaointeoireacht chriticiúil bhfeidhm i suíomhanna a mbeadh cur amach acu orthu agus i suíomhanna úra araon. Comhcheanglóidh sé an t-eolas, na smaointe agus na coincheapa ó chleachtóirí éagsúla, agus bainfidh sé triail astu de réir mar a dhéanann sé dul chun cinn ina chuid oibre féin. Bainfidh sé úsáid as réimse straitéisí agus próiseas smaointeoireachta de réir mar a chruthaíonn sé saothar agus mar a thugann sé freagairt chriticiúil ar cheisteanna agus ar thascanna chun fadhbanna a réiteach. Glacfaidh sé le haiseolas agus beidh sé ábalta é a úsáid chun feabhas a chur ar a chuid foghlama. Trína bheith ag obair ina aonar agus le daoine eile, éireoidh an scoláire níos neamhspleáiche agus beidh sé ábalta a chuid foghlama féin a bhainistiú agus inniúlachtaí a fhorbairt a thacaíonn lena fhoghlaim agus lena chonair saoil amach anseo.

## Ag obair le daoine eile; Ag déanamh cumarsáide; Rannpháirtíocht sa tsochaí;

Is gá go mbeadh an scoláire ábalta forbairt a dhéanamh ar a chumas cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú ar sprioc choiteann i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta. Beidh sé seo soiléir sna tascanna cruthaitheacha feidhmeacha i snáithe 3, nuair a fhoghlaimíonn an scoláire lena chuid smaointe agus coincheap a chur in iúl i réimse leathan foirmeacha agus meán agus do réimse leathan lucht féachana.

De réir mar a chothaíonn sé na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo chun a bheith ag obair go neamhspleách agus i gcomhar le daoine eile, déanfaidh an scoláire cinntí in éineacht leis an ngrúpa go léir chun comhspriocanna a bhaint amach. Glacfaidh sé freagracht as a ról féin sa phróiseas comhroinnte, rud a chiallaíonn gur seans go mbeadh gá dó a bheith i gceannas ó am go chéile. Trí chur le hobair an ghrúpa ar bhealach dáiríre; trí mheasúnú a dhéanamh de réir mar a chuirtear an obair chun cinn agus an

cur chuige a athrú más gá agus trí dhul i ngleic le difríochtaí ó thaobh tuairimí agus cur chuige de, gheobhaidh an scoláire léargas ar ghrúpdhinimic.

Déanfar eolas do na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla trí shaothair na ndaoine eile. Áireofar leis sin deiseanna chun taibhithe beo a fheiceáil (taibhithe amharclainne agus taispeántais amharclainne) ina phobal féin nó sa mhórphobal. Trí pháirt a ghlacadh go dáiríre, forbróidh an scoláire a chumas ceisteanna a chur; smaointe, tuairimí agus mothúcháin a fhorbairt. Beidh sé ag léirmhíniú bríonna agus beidh sé ábalta a chuid tuairimí a chur in iúl; bheith ag tuairimíocht agus ag plé; ag díospóireacht; ag tabhairt eolais agus ag cur smaointe in a luí ar dhaoine, ach a bheith oscailte do smaointe eile ag an am céanna. Ceadóidh sé seo dó a thuiscint chriticiúil féin a neartú maidir le foirmeacha ealaíne na drámaíochta, na scannán agus na hamharclannaíochta agus í a chur i bhfeidhm ina chleachtas cruthaitheach féin.

Cuirfear ardán ar fáil san ábhar seo don scoláire gnéithe na sochaí ina mairimid a fhiosrú agus éirí níos feasaí maidir leis an gcaoi ar féidir noirm shóisialta agus luachanna a chur in iúl ar an stáitse agus ar an scáileán. Bainfidh sé úsáid as lionsa criticiúil chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar atá ag an taithí a rinne sé go dtí seo, ag a chreideamh pearsanta agus ag a luachanna ar a fhreagairt féin ar shaothair amharclannaíochta agus scannánaíochta. Trína chuid saothar féin a dhéanamh, cuirfear deis ar fáil don scoláire a scéal pearsanta a insint agus tráchtaireacht shóisialta a dhéanamh ar an domhan ina maireann sé; trí thaithí a fháil ar dhomhain na ndaoine eile sa drámaíocht, sna scannáin agus san amharclannaíocht, cabhrófar tuiscint thraschultúrtha a éascú agus an ionbhá a chur chun cinn.


# Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga.

Tá Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta leagtha amach i dtrí shnáithe idircheangailte. Ní mór a lua go bhfuil na trí shnáithe go léir fite fuaite ina chéile agus ní mór staidéar a dhéanamh orthu ag an am céanna, seachas staidéar a dhéanamh orthu céim ar chéim. Dearadh an tsonraíocht le ceadú don scoláire páirt a ghlacadh sna próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla ag an am céanna.

Tugtar breac-chuntas sa léaráid ar struchtúr na snáitheanna i sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta:

- An Próiseas Cruthaitheach
- Próiseas na Freagartha Criticiúla;
- Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna).




Fíor 3: Snáitheanna Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.


Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal cumais féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh an scoláire atá ag déanamh staidéar ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal araon aghaidh chriticiúil ar Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil lena chéile.

Chun tacú leis an scoláire agus leis an múinteoir le tuiscint a fháil ar na torthaí foghlama, leagtar amach gluais téarmaí a mbaintear úsáid astu sna Torthaí Foghlama in Aguisín 1, agus leagtar gluais téarmaí de Bhriathra Gnímh in Aguisín 2.

## Snáithe 1: An Próiseas Cruthaitheach

Ag forbairt ar bhunchlocha an taibhithe agus an léirithe, tá cúig chéim sa phróiseas cruthaitheach:

1. Ag Samhlú agus ag Coincheapú
2. Ag Forbairt
3. Beachtú
4. Léiriú agus Taibhiú
5. Meastóireacht




Fíor 4: An Próiseas Cruthaitheach i Snáithe 1

Tá sé i gceist go dtacóidh an próiseas cruthaitheach le tuiscint an scoláire ar an nádúr atriallach a bhaineann le haon ghiota scannáin nó amharclannaíochta a dhéanamh. Is cuid lárnach den phróiseas cruthaitheach é dul i ngleic le réimse foinsí, lena n-áirítear saothar na gcleachtóirí aitheanta agus taighde a dhéanamh ar réimse foirmeacha, teicnící agus gnásanna éagsúla. Cuirfear bunchloch eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar fáil don scoláire ar féidir leis a chuid saothair a fhorbairt uirthi.

Sa snáithe seo, agus arna thacú ag bunchlocha an taibhithe agus an léirithe, beidh deiseanna ag an scoláire an próiseas cruthaitheach seo a chur i bhfeidhm trí rannpháirtíocht ghníomhach, cinntí feasacha a dhéanamh maidir le céard atá le déanamh agus cén chaoi.

Ba cheart an próiseas cruthaitheach a leanúint ar bhealach solúbtha luaineach atriallach. Fiú agus é ag cur aithne ar bhunchloch an taibhithe agus an léirithe, mar a thugtar breac-chuntas air sna torthaí foghlama lena mbaineann, beidh an scoláire rannpháirteach cheana féin leis na céimeanna éagsúla den phróiseas. De réir mar a théann sé i dtaithí ar an bpróiseas seo, beidh sé ábalta bogadh trí na céimeanna go feasach agus de bhun tola agus chun ord na gcéimeanna a athrú atá oiriúnach don obair atá idir lámha. Ina theannta sin, beidh aiseolas agus mionleasú ar siúl go rialta i rith an phróisis.

Spreagfar an scoláire bogadh gan stró idir na próisis chruthaitheacha agus próisis na freagartha criticiúla, agus a mhalairt, i ngach gné de shonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta. Má chuirtear an t-eolas agus an tuiscint ar na próisis le chéile, cabhrófar leis an scoláire tuiscint iomlánaíoch a fhorbairt ar scileanna, ar chleachtaí agus ar phrionsabail na drámaíochta, na scannán agus na hamharclannaíochta.

## Snáithe 1: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Bunchlocha an Taibhithe agus an Léirithe**<br><br>Machnamh a dhéanamh ar an rannpháirtíocht éifeachtach mar chuid de ghrúpa cruthaitheach, lena n-áirítear<br>• aontacht agus comhoibriú an ghrúpa a bhunú<br>• róil a bhunú laistigh de thimpeallacht chruthaitheach<br>• sealaíocht a dhéanamh<br>• éisteacht ghníomhach<br>• feasacht an ghrúpa<br>• teorainneacha pearsanta<br>• cruthaitheacht a shaothrú<br>• aiseolas fiúntach a thabhairt agus freagra a thabhairt air. | **1.1** timpeallacht foghlama chomhoibríoch agus chruthaitheach a fhorbairt. |
| Áirítear an méid seo a leanas le hobair agus príomhfhreagrachtaí a bhaineann le réimse leathan ról<br>• scríobh/ ceapadh/ cóiriú<br>• stiúradh<br>• táirgeadh<br>• taibhiú (gluaiseacht, guthanna, geáitsíocht)<br>• dearadh (seit, éide, fuaim agus soilsiú)<br>• teicniúil (eagarthóireacht, ceamara, fuaim, soilsiú) | **1.2** réimse ról agus freagrachtaí sa scannánaíocht agus san amharclannaíocht agus a rannchuidiú leis an bpróiseas cruthaitheach foriomlán a fhiosrú |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Réimse de scileanna taibhithe lena n-áirítear<br>• tobsmaointeoireacht;<br>• feasacht ar spásúlacht agus gluaiseacht<br>• comharthaí;<br>• obair ghutha agus téamh fisiciúil;<br>• an luas agus an rithim ceart a úsáid. | **1.3** réimse scileanna taibhithe don amharclannaíocht agus do scannáin a fhiosrú agus a fhorbairt. |
| Réimse scileanna teicniúla agus léirithe i ndáil le<br>• fuaim/ soilsiú/ trealamh ceamara<br>• stáitsiú/ blocáil<br>• dearadh léiriúcháin<br>• eagarthóireacht agus iarléiriú<br>• scríobh scripte (don scannán agus amharclann). | **1.4** réimse de scileanna teicniúla agus léirithe don amharclannaíocht agus do scannáin a fhiosrú agus a fhorbairt. |
| Úsáid éifeachtach a bhaint as a bpunann mar uirlis mhachnamhach. | **1.5.** machnamh a dhéanamh ar fhorbairt scileanna taibhithe, léiriúcháin agus teicniúla |
| **Ag Samhlú agus ag Coincheapú**<br>Tionscadal cruthaitheach a shamhlú agus a choincheapú, lena n-áirítear<br>• croísmaoineamh nó coincheap drámaíochta a shainaithint<br>• pointí tagartha a fhorbairt, ag baint úsáid as saothar na gcleachtóirí aitheanta chun coincheapú a chuid saothair féin a spreagadh agus eolas a dhéanamh dó<br>• ábhar bunaidh eile a bhailiú, mar shampla déantáin, éidí, íomhánna agus ceol chun smaointe agus coincheapa nua a chruthú agus a spreagadh<br>• scileanna taighde a fhorbairt agus a úsáid<br>• indéantacht smaoinimh a iniúchadh. | **1.6.** smaointe a chruthú dá thascanna cruthaitheacha. |
| • úsáid na léirithe agus na ráiteas cuspóra mar bhealach chun breac-chuntas a thabhairt ar choincheap nó ar smaoineamh cruthaitheach féideartha.<br>• spriocanna agus amlínte a leagan síos do thascanna cruthaitheacha. | **1.7** indéantacht agus féidearthacht a thionscadal cruthaitheach a fhiosrú trí chóireálacha (scannán)/ ráitis rúin (amharclannaíocht) a fhorbairt. |
| • cén chaoi leis na príomhróil a bhfuil gá leo do léiriú a chuid oibre féin a fháil amach. | **1.8** na príomhróil a bhfuil gá leo do léiriú a thascanna cruthaitheacha a shainaithint. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Ag Forbairt**<br><br>Cinnteoireacht i gcéim forbartha an phróisis chruthaithigh lena n-áirítear<br>• measúnú a dhéanamh ar na roghanna féideartha don dearadh cruthaitheach<br>• carachtar a chruthú/ a fhorbairt<br>• an fhoirm/an seánra oiriúnach<br>• stíl an léirithe/taibhithe<br>• ag scríobh scripte/ag ceapadh<br>• ceardlann an dhéanamh<br>• teicnící stáitse agus ceamara a fheabhsaíonn an chaoi a gcuirtear smaointe/coincheapa in iúl<br>• tionchair fhéideartha ar a shaothar<br>• sprioc lucht féachana féideartha. | **1.9** triail a bhaint as na gnéithe cruthaitheacha agus teicniúla chun tacú le forbairt a thascanna cruthaitheacha |
| Cleachtais eiticiúla lena n-áirítear<br>• a chinntiú go n-iompraíonn gach ball na foirne agus an chriú iad féin ar bhealach measúil agus eiticiúil i ngach gné dá gcuid oibre<br>• cuspóirí na ndrámadóirí/na scannánóirí a chomhlíonadh<br>• cearta taibhithe a fháil. | **1.10** úsáid a bhaint as cleachtais bhunaithe atá eiticiúil agus freagrach a bhaineann le giotaí scannáin agus amharclannaíochta a chruthú. |
| Ag úsáid gnéithe cruthaitheacha agus teicniúla chun ábhair réamhléirithe de thionscadal cruthaitheach a fhorbairt, lena n-áirítear<br>• léamh síos tríd na scripte/ dréachtaí a roinnt<br>• sceitsí/ plean leagan amach na n-earraí ar an stáitse<br>• cláir tobsmaointe/ scéalchláir/boscaí samhla<br>• dearadh an tseit<br>• suíomh agus liosta seatanna (scannán)<br>• miondealú aisteora/radhairc<br>• prapaí/ liostaí troscáin<br>• cóiréagrafaíocht<br>• fuaim/soilsiú/dearaí feistis<br>• scripteanna drámaí/ scripteanna scannáin<br>• ordbhileoga<br>• script marcáilte lena n-áirítear eolas a bhaineann leis an duine atá ag úsáid na scripte agus an ról atá acu sa léiriú<br>• bogearraí eagarthóireachta agus dearaidh. | **1.11** na hábhair réamhléiriúcháin is gá chun a thascanna cruthaitheacha a dhéanamh a shainaithint agus a fhorbairt. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Breithniú a dhéanamh ar obair cleachtóirí, lena n-áirítear iad sin a fheictear i réimsí sonraithe na foghlama, mar go mbíonn sé mar bhuntaca lena phróiseas cruthaitheach féin. | **1.12** triail a bhaint as na príomhghnéithe, teicnící agus gnásanna san amharclannaíocht/ scannán le bheith mar bhuntaca le tascanna cruthaitheacha. |
| **Beachtú**<br><br>Ról an aiseolais i gcéim choigeartaithe agus eagarthóireachta an phróisis chruthaithigh, lena n-áirítear<br>• an próiseas freagartha criticiúil a úsáid chun aiseolas fiúntach a thabhairt agus a fháil ó scoláire eile agus ón múinteoir<br>• teicnící cleachtaidh agus gnásanna (amhail gnásanna teicniúla, éadaí, cleachtadh ceamara)<br>• saothar a bheachtú trí úsáid a bhaint as aiseolas ón ngrúpa agus ón rang ina iomláine<br>• úsáid a bhaint as nádúr atriallach an phróisis chruthaithigh, ag bogadh idir na céimeanna éagsúla, de réir mar is cuí<br>• ag taifeadadh machnaimh léirsteanacha agus fiúntacha ar a chuid oibre<br>• an chaoi ar féidir leis a chuid foghlama agus taithí san ábhar seo a chur i bhfeidhm i réimsí eile an tsaoil agus na foghlama a shainaithint. | **1.13** reflect on and refine their creative tasks, based on constructive feedback. |
| **Léiriú agus Taibhiú**<br><br>Saothar a chur i gcrích agus dul i ngleic le próisis lena n-áirítear<br>• rogha ábhar réamhléiriúcháin a úsáid agus leas a bhaint as réimse gnéithe cruthaitheacha agus teicniúla<br>• leagan deireanach a chur in eagar (scannán)<br>• an saothar deiridh a léiriú/ a thaibhiú<br>• ag cuimhneamh ar an inrochtaineacht, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teidil dhúnta nó taibhiú réchúiseach/ taibhithe réchúiseacha a eagrú (den scannán). | **1.14.** a thascanna cruthaitheacha a léiriú agus a thaispeáint (scannán) nó a chur ar stáitse agus a thaibhiú (amharclannaíocht) do lucht féachana. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Úsáid scileanna bunúsacha an taibhithe lena n-áirítear<br>• forbairt ar scileanna aisteoireachta don stáitse/scáileán<br>• caidreamh a bhunú leis an lucht féachana<br>• carachtar/ról sa taibhiú a chruthú agus a chothú<br>• cumadóireacht fhisiúil<br>• obair ghutha<br>• an luas agus an rithim ceart a úsáid. | **1.15.** réimse de scileanna taibhithe a úsáid ina thascanna cruthaitheacha. |
| **Measúnú**<br>An próiseas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar a chuid oibre féin lena n-áirítear<br>• cinntí a rinneadh a mhíniú<br>• plé a dhéanamh leis an scoláire ar oibrigh sé leis, chun breith a dhéanamh ar baineadh amach an choimre agus coincheap bunaidh<br>• cáipéisí le nótaí a úsáid (an chéad achoimre agus coincheap; léiriú intinne/ráiteas léirithe, dearaí, sceitsí, liostaí, cláir tobsmaointe) chun cinntí a rinneadh a mhíniú agus a athbhreithniú<br>• breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí scannáin agus amharclannaíochta eile ar a shaothar féin agus conas a rinne sé sin eolas dá shaothar féin.<br><br>A phunann a úsáid chun<br>• an próiseas cruthaitheach a thaifeadadh<br>• comparáid a dhéanamh idir an méid a d'éirigh leis a bhaint amach agus an méid a raibh sé ag súil lena bhaint amach sa chéad léiriú nó sa léiriú intinne. | **1.16.** a chinntí cruthaitheacha a mhíniú.<br><br>**1.17.** meastóireacht a dhéanamh ar a shaothar, measúnú a dhéanamh ar cé mhéad de na haidhmeanna/ na spriocanna a leagadh síos ar éirigh leis a bhaint amach agus cúiseanna an toraidh seo a shainaithint. |

## Snáithe 2: Próiseas na Freagartha Criticiúla

Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire lena fhreagairt phearsanta, chriticiúil agus chruthaitheach féin ar shaothar na gcleachtóirí aitheanta, ar shaothar a phiaraí agus ar a shaothar féin a chur in iúl. Téitear i ngleic le próiseas na freagartha criticúla de réir mar a thugtar aghaidh ar shaothar ealaíonta dhomhan na hamharclannaíochta agus na scannán. Cuirtear tús le breithniú a dhéanamh ar dhrámaí agus ar scannáin trí lionsa an phróisis freagartha chriticiúil agus téitear i ngleic le saothar na léirmheastóirí aitheanta sa réimse amharclannaíochta agus scannánaíochta araon.


Tá scrúdú, anailís agus measúnú saothair nó smaointe i gceist leis an bhfreagairt chriticiúil chun tuiscint dhomhain a fhorbairt ar an ábhar, agus dearcadh nó tuairim fheasach ina leith. Baineann smaointeoireacht chriticiúil leis an nós imeachta, a éilíonn ceistiú, measúnú, breithiúnais réasúnacha a dhéanamh, naisc a aimsiú agus roghanna pearsanta a iniúchadh. Má fhorbraítear na hinniúlachtaí seo cabhraítear le forbairt bhreithiúnais aeistéitice an scoláire féin.

Forbraíonn agus doimhníonn an scoláire a chuid foghlama faoi dhomhan na pictiúrlainne agus na hamharclannaíochta trí eispéiris scannánaíochta agus amharclannaíochta.

De réir mar a fhorbraíonn sé a bhreithiúnas aeistéitiúil, beidh an scoláire in ann an próiseas freagartha criticiúil a chur i bhfeidhm ar a shaothar féin, chun an fhoirm seo smaointeoireachta criticiúla a ionchorprú ina rannpháirteachas leis an bpróiseas cruthaitheach, mar a leagtar amach i Snáithe 1.

Ag forbairt ar bhunchloch an fhreagartha chriticiúil, tá trí chéim sa phróiseas freagartha criticiúil:

1. Breithmheas agus freagairt a thabhairt
2. Anailísiú agus Léirmhíniú
3. Beachtú agus meastóireacht.




Fíor 5: Próiseas na Freagartha Criticiúla i Snáithe 2

I dtosach ní mór an scoláire a threorú trí chéimeanna phróiseas na freagartha criticiúla. De réir mar a théann sé i dtaithí ar chéimeanna éagsúla an phróisis, agus mar a fhorbraíonn sé a bhreithiúnas aeistéitice féin, éireoidh sé níos neamhspleáiche ina chumas freagairt fheasach a fhorbairt agus a chur in iúl maidir le saothar scannánaíochta nó amharclannaíochta. Beidh sé ábalta anailís chriticiúil níos casta a dhéanamh ar an saothar a bhfuil freagairt á tabhairt air. Foghlaimíonn an scoláire le dul i ngleic le saothair sna healaíona go machnamhach, gan aon bhreithiúnas a thabhairt orthu go dtí go bhfuil dóthain eolais aige chun freagra a thabhairt ar bhonn feasach.

Is gá le bheith oscailte do thuairimí eile sa phróiseas seo agus do bhealaí éagsúla léirithe agus cruthaithe.

Tá tionchar ag an dearcadh atá againn ar an saol agus ag ár dtaithí saoil ar ár dtuiscint ar shaothair ealaíon, mar sin is gá don scoláire a fhoghlaim nach gcruthaítear saothair ealaíon i bhfolús; léiríonn siad comhthéacs pearsanta, sóisialta, stairiúil na gcleachtóirí.

Sa phróiseas a bhaineann le freagairt a thabhairt ar shaothar daoine eile agus critíc a dhéanamh air, forbraíonn an scoláire tuiscint ar conas a bhaintear cuspóirí amharclannaíochta agus scannánaíochta amach agus forbraíonn sé a chumas teanga agus gnásanna na hanailíse a úsáid. Iniúchann sé seánraí éagsúla na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta, nósanna agus saothar na gcleachtóirí, ag baint úsáid as seo mar thúsphointe chun forbairt a dhéanamh ar a chuid saothair féin.

## Snáithe 2: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Bunchlocha na Freagartha Criticiúla**<br><br>Teanga agus gnásanna an scannáin agus na hamharclannaíochta, lena n-áirítear<br>• cineálacha seat agus frámáil<br>• dearadh léiriúcháin lena n-áirítear mise en scène<br>• suíomh<br>• fuaim/soilsiú<br>• éifeachtaí speisialta<br>• eagarthóireacht<br>• blocáil<br>• leanúnachas (scannán)/bainistíocht stáitse (amharclannaíocht)<br>• stíl taibhithe | **2.1** tuiscint a léiriú ar theanga agus gnásanna an scannáin agus na hamharclannaíochta |
| • an comhthéacs scannánaíochta agus amharclannaíochta níos leithne ina maireann seánraí, tréimhsí, stíleanna, foirmeacha<br>• na príomhghnéithe, teicnící agus gnásanna de sheánraí, tréimhsí, stíleanna, foirmeacha agus cleachtóirí áirithe | **2.2.** tuiscint a léiriú ar na príomhghnéithe, tréimhsí, stíleanna agus foirmeacha i réimsí sonraithe na foghlama a fhiosraítear. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • measúnú a dhéanamh ar thionchar saothair daoine eile air agus a thascanna cruthaitheacha féin á bhforbairt ag an scoláire. | **2.3.** cur síos a dhéanamh ar thionchar na seánraí/na dtréimhsí/na stíleanna/na bhfoirmeacha/na gcleachtóirí ar fhorbairt agus ar dhéanamh na dtascanna cruthaitheacha atá forbartha ag an scoláire. |
| • na caidrimh idir an cleachtóir agus a lucht féachana<br>• ról an lucht féachana san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht agus na cosúlachtaí agus difríochtaí thar na disciplíní.<br>Na teicnící agus na gnéithe a úsáideann cleachtóirí chun freagairt a tharraingt ón lucht féachana, lena n-áirítear<br>• treo<br>• gnéithe dearaidh<br>• gnéithe teicniúla<br>• gnásanna. | **2.4.** examine the techniques and elements used in theatrical performances/film productions to elicit particular responses from audiences |
| **Breithmheas agus freagairt a thabhairt**<br>• an próiseas um fhreagairt chriticiúil lena gcuirtear tús leis an gcéad fhreagairt agus a bailíocht<br>• naisc a chruthú le taithí phearsanta nó le luachanna a chur leis an bhfreagra ar shaothar scannánaíochta nó amharclannaíochta<br>• na cineálacha freagartha láithrí mothúchánaí a d'fhéadfadh a bheith ag lucht féachana ar shaothar scannánaíochta nó amharclannaíochta | **2.5.** breithmheas a thabhairt ar éagsúlacht taibhithe/taispeántais bheo agus thaifeadta. |
| Ról an aiseolais i bpróiseas na freagartha criticiúla<br>• aiseolas fiúntach a thabhairt agus a fháil i dtimpeallacht chomhoibríoch<br>• saothar a bheachtú trí úsáid a bhaint as aiseolas ón tasc/tionscadal/grúpa oibre agus ón rang ina iomláine<br>• nádúr atriallach an phróisis freagartha chriticiúil, ag bogadh idir na céimeanna éagsúla, de réir mar is cuí. | **2.6.** freagairt do thaibhithe agus léirithe de chuid piaraí trí aiseolas fiúntach a thabhairt |
| **Anailísiú agus Léirmhíniú**<br>• a thuairimí a chur in iúl maidir le saothar na gcleachtóirí aitheanta, léirmhíniú agus measúnú a dhéanamh ar a chinntí agus ar roghanna maidir le healaín stáitse na gcleachtóirí lena n-áirítear gnéithe aeistéitiúla agus/nó teicniúla<br>• teanga agus modhanna éagsúla athbhreithnithe. | **2.7.** anailís agus critíc a dhéanamh ar thaibhiú amharclannaíochta poiblí agus taispeántas scannáin |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Na comhthéacsanna éagsúla saothair, lena n-áirítear<br>• an comhthéacs stairiúil, sóisialta agus/ nó cultúrtha<br>• seánraí, stíleanna nó gluaiseachtaí a raibh tionchar acu ar an gcleachtóir agus/nó ar an saothar. | **2.8.** iniúchadh a dhéanamh ar chomhthéacs na léirithe amharclannaíochta agus scannáin. |
| Éabhlóid na teicneolaíochta agus an ról atá aici sa scannánaíocht agus san amharclannaíocht lena n-áirítear<br>• ceamaraí<br>• soilsiú<br>• fuaim<br>• eagarthóireacht. | **2.9.** réimse teicneolaíochtaí/ forbairtí teicneolaíocha a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta. |
| **Beachtú agus Meastóireacht**<br>Úsáid éifeachtach a bhaint as a bpunann mar uirlis mhachnamhach.<br>Machnamh/meastóireacht a úsáid chun<br>• na cúiseanna a mhíniú a bhféadfadh a léirmhíniú atá níos feasaí agus a fhreagairt a bheith difriúil leis an gcéad fhreagairt a bhí aige<br>• machnamh a dhéanamh ar an chaoi ar bheachtaigh sé a shaothar mar fhreagairt ar aiseolas<br>• breithniú a dhéanamh ar conas a cheadaítear dó trí dhul i ngleic le saothar na gcleachtóirí scannán agus amharclannaíochta a dhearcthaí, a luachanna agus a thuairimí a cheistiú agus dearcthaí, luachanna agus tuairimí daoine eile a aithint. | **2.10.** measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chabhraigh a rannpháirtíocht i bpróiseas na freagartha criticiúla leis an léamh a bhí aige féin ar shaothar amharclannaíochta agus scannánaíochta ar leith a dhoimhniú agus a fhorbairt.<br>**2.11.** míniú a thabhairt ar conas a dhéanann a rannpháirtíocht i bpróiseas na freagartha criticiúla eolas dá rannpháirtíocht sa phróiseas cruthaitheach agus a mhalairt. |

## Snáithe 3: Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna)

Cuirtear go leor deiseanna ar fáil i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta don scoláire a chuid inniúlachtaí a chur i bhfeidhm agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu ar bhealaí praiticiúla. Thar dhá bhliain an chúrsa, ag tosú go luath sa chúigiú bliain, rachaidh an scoláire i ngleic leis na torthaí foghlama trí freagairt chruthaitheach chriticiúil a thabhairt ar na trí Thasc Chruthaitheacha Fheidhmeacha agus iad a chur i gcrích.

Tá sé i gceist go mbeadh na tascanna praiticiúla seo mar chuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim. Is iad an lionsa iad, trína mbeidh an scoláire ag glacadh páirt go dáiríre leis na próisis chriticiúla agus chruthaitheacha atá leagtha amach sa dá shnáithe eile, agus á gcur i bhfeidhm i bhfíorchásanna.

Oibreoidh an scoláire go haonarach agus go comhoibríoch agus é ag obair trí gach céim den phróiseas cruthaitheach chun an tasc a chur i gcrích, ag baint úsáid as a phunann mar thaisce smaointe, mar fhoinse ábhar bunaidh agus mar stór chun a chuid foghlama, machnamh, meastóireachtaí agus anailísí a dhoiciméadú. De bharr nádúir atriallaigh an phróisis chruthaithigh, d’fhéadfadh roinnt céimeanna a bheith mar an gcéanna agus d’fhéadfadh sé níos mó ama a ghlacadh céim amháin a dhéanamh thar chéim eile.

De réir mar a théitear ar aghaidh sna tascanna, ba cheart go dtiocfadh méadú ar fheidhmiú an scoláire sna Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha ó thaobh castachta de, rud a fhorbróidh agus a dhaingneoidh an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a mionléiríodh i snáitheanna 1 agus 2.

Déanfaidh an scoláire machnamh ar a chuid oibre agus déanfaidh sé í a bheachtú go rialta, ag obair le scoláirí eile chun na réitigh leis an bhfadhb a iniúchadh agus a aimsiú, ag scrúdú na roghanna agus na bpróiseas atá mar bhonn faoina shaothar. Tabharfar deiseanna leanúnacha dó le foghlaim uathu agus chun freagra a thabhairt ar aiseolas óna chomhscoláirí agus ón múinteoir i dtimpeallacht chomhoibríoch, de réir mar is cuí. Féadfaidh an scoláire scrúdú a dhéanamh ar a shaothar atá ag forbairt agus déanfaidh sé cinneadh chun é a chur i gcrích ina iomláine nó socróidh sé go bhfuil gá le tuilleadh taighde nó athrú treo. Is cuid thábhachtach den phróiseas cruthaitheach é a aithint nuair is gá stop a chur leis an mbeachtú agus saothar a thaibhiú/thaispeáint don lucht féachana. Foghlaimeoidh sé ón méid ar bhain sé amach agus óna bhotúin chun eolas a dhéanamh do shaothair atá idir lámha aige agus do shaothair amach anseo.

Beidh cruthaitheacht an scoláire agus a chumas an méid a d’fhoghlaim sé ó shaothair a ndeachaigh sé i ngleic leo i seánraí, tréimhsí, stíleanna agus foirmeacha a ndearna sé staidéar orthu ríthábhachtach ionas go n-éireoidh go geal leis sna tascanna. Cabhróidh sé seo leis straitéisí agus dearcadh a fhorbairt a chothaíonn an chruthaitheacht agus an smaointeoireacht chriticiúil agus a thacaíonn lena chuid foghlama.

Dearadh na tascanna le bheith sách oscailte go mbeadh an scoláire ábalta ábhair a roghnú agus a iniúchadh a bhfuil spéis aige iontu agus a bhfuil baint acu leis. Chomh maith leis sin, ceadaítear dó a thaithí shoch-chultúrtha agus stairiúil a thabhairt isteach sa phróiseas foghlama.

Is iad seo a leanas na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha:

1. Píosa amharclannaíochta ensemble-stiúrtha a dhéanamh, bunaithe ar cheann de na seánra(í), tréimhse/tréimhsí, stíl(eanna) nó foirm(eacha) molta
2. Sraitheog scannáin a chruthú, bunaithe ar seánra(í), tréimhse/tréimhsí, stíl nó foirm(eacha) a bhaineann le scannán.
3. Píosa amharclannaíochta nó gearrscannán a dhéanamh ag léiriú go bhfuil eolas aige ar an bhformáid a roghnaigh sé. Beidh an saothar mar fhreagairt ar phíosa amharclannaíochta nó scannánaíochta beo a ndeachaigh sé i ngleic leis.

Is féidir an chéad dá thasc a dhéanamh in ord ar bith, agus ní mór an dá thasc a chur i gcrích sula gcuireann an scoláire tús leis an tríú tasc.

Déanfar taifeadadh ar na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha chomh maith le hábhair bhunaidh dheartha agus machnamh a bhaineann leo i bPunann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta.

Déanfaidh an múinteoir measúnú agus tabharfaidh sé aiseolas ar na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha mar chuid den teagasc agus foghlaim leanúnach sa seomra ranga. Ní dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú ar na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, mar sin féin déanfar measúnú ar an bhfoghlaim a baineadh amach, de réir mar is cuí, tríd an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) agus an scrúdú scríofa.

## Tasc Cruthaitheach Feidhmeach 1: Píosa amharclannaíochta ensemble-stiúrtha

Sa tasc seo, comhoibreoidh an scoláire chun píosa amharclannaíochta ensemble-stiúrtha a dhéanamh, bunaithe ar cheann de na seánra(í), tréimhse/tréimhsí, stíl(eanna) nó foirm(eacha) roghnaithe.

Cuirfear ardán ar fáil don scoláire trína thaithí ar phríomhghnéithe, theicnící agus ghnásanna ceann amháin nó níos mó de na seánra(í), tréimhse/tréimhsí, stíl(eanna), nó foirm(eacha) chun píosa ensemble a dhéanamh.

Trí phleanáil agus trí fhorbairt an tsaothair, cuirfidh an scoláire barr feabhais ar a scileanna comhoibríocha agus cruthaitheacha feidhmeacha. Déanfaidh sé machnamh cuí ar phíosa aicsin dhrámata a chruthú agus a chothú, ról nó róil a fhorbairt, caidreamh idir an t-aisteoir/an lucht féachana a bhunú, agus dul i ngleic le gnéithe an stáitsithe (mar shampla an seit, an soilsiú, an fhuaim, dearadh na bhfeisteas, le sceitsí ag dul leo), ag déanamh cinntí riachtanacha maidir leis an ngluaiseacht agus leis an nguth, de réir mar is cuí.

Taibhléireofar an saothar do lucht féachana[1] agus ba cheart go mbeadh sé thart ar cheithre go sé nóiméad ar fad.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an seánra/na seánraí/an tréimhse/na tréimhsí/an stíl/na stíleanna/an fhoirm/na foirmeacha a shainaithint a bheidh mar bhunús lena dtasc cruthaitheach<br>• dul i ngleic go gníomhach leis an bpróiseas cruthaitheach chun píosa amharclannaíochta ensemble a fhorbairt<br>• comhoibriú le daoine eile chun coincheap a chomhaontú agus an tasc cruthaitheach a fhorbairt<br>• glacadh lena ró(i)l sa phróiseas agus na freagrachtaí atá air a thuiscint<br>• ag obair le chéile chun fadhbanna a fhiosrú agus réitigh a aimsiú<br>• spriocanna agus amlínte indéanta a leagan síos<br>• bheith ag plé leis an lucht féachana. | **3.1** Píosa amharclannaíochta ensemble-stiúrtha a dhéanamh.<br>**3.2** úsáid a bhaint as a rannphháirtíocht le saothar cleachtóirí aitheanta chun eolas a dhéanamh dá chleachtas cruthaitheach féin.<br>**3.3** an taibhiú ensemble-stiúrtha a thaibhiú do lucht féachana.<br>**3.4** cinntí cruthaitheacha a rinneadh a mhíniú, ag tagairt do thionchair, agus ag déanamh machnamh ar éifeachtacht a chuid oibre.<br>**3.5** a chuid oibre a mheasúnú.<br>**3.6** machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhain leis an saothar a chruthú, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí amharclannaíochta aitheanta ar a shaothar féin agus conas a rinne sé sin eolas dá shaothar féin. |

[1] Is féidir le comhscoláirí/ piaraí a bheith ina lucht féachana.

## Tasc Cruthaitheach Feidhmeach 2: Sraitheog Scannáin

Sa tasc seo, beidh an scoláire ag comhoibriú leis an ngrúpa chun sraitheog scannáin a chur le chéile, ag cur a chuid foghlama i bhfeidhm ó sheánra(í), thréimhse/thréimhsí, stíl(eanna), nó foirm(eacha) roghnaithe sa scannánaíocht. Ní gá gur scannán críochnaithe a bheadh sa tsraitheog – mar shampla, d'fhéadfadh radharc a bheith i gceist nó sraitheog radharc ó scannán níos mó.

Cuirfear ardán ar fáil don scoláire trína thaithí ar shainghnéithe, theicnící agus ghnásanna ceann amháin nó níos mó de na seánra(í), stíl(eanna), tréimhse/tréimhsí nó foirm(eacha) chun a chuid saothair féin a dhéanamh.

Trí phleanáil agus trí fhorbairt an tsaothair, cuirfidh an scoláire barr feabhais ar a scileanna comhoibríocha agus cruthaitheacha feidhmeacha. Déanfaidh sé machnamh cuí ar shraitheog scannáin chomhleanúnach a chruthú agus a chothú, ról nó róil a fhorbairt, agus dul i ngleic le gnéithe cosúil leis an seit, an soilsiú, an fhuaim, dearadh na bhfeisteas, (le sceitsí ag dul leo) ag déanamh cinntí riachtanacha maidir leis an ngluaiseacht agus leis an nguth, de réir mar is cuí.

Ba cheart go mbeadh an saothar deiridh thart ar thrí nóiméad ar fad, sa leagan atá curtha in eagar. Taispeánfar do lucht féachana é.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • an seánra/na seánraí/ an tréimhse/na tréimhsí/an stíl/ na stíleanna/an fhoirm/ na foirmeacha a shainaithint a bheidh mar bhunús lena dtasc cruthaitheach<br>• dul i ngleic go gníomhach leis an bpróiseas cruthaitheach chun sraitheog scannáin a fhorbairt<br>• comhoibriú le daoine eile chun coincheap a chomhaontú agus an tasc cruthaitheach a fhorbairt<br>• glacadh lena ró(i)l sa phróiseas agus na freagrachtaí atá air a thuiscint<br>• ag obair le chéile chun fadhbanna a fhiosrú agus réitigh a aimsiú<br>• spriocanna agus amlínte indéanta a leagan síos. | **3.7** sraitheog scannáin a fhorbairt, a thaifeadadh agus a chur in eagar, trí chomhoibriú a dhéanamh.<br>**3.8** úsáid a bhaint as a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí scannáin aitheanta chun eolas a dhéanamh dá chleachtas cruthaitheach féin.<br>**3.9** scannán a thaispeáint do lucht féachana.<br>**3.10** cinntí cruthaitheacha a rinneadh a mhíniú, ag tagairt do thionchair, agus ag déanamh machnamh ar éifeachtacht a chuid oibre.<br>**3.11** a chuid oibre a mheasúnú.<br>**3.12** machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhain leis an saothar a chruthú, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí scannáin aitheanta ar a shaothar féin agus conas a rinne sé sin eolas dá shaothar féin. |

## Tasc Cruthaitheach Feidhmeach 3: Píosa amharclannaíochta nó gearrscannán

Beidh an rogha ag an scoláire píosa amharclannaíochta a dhéanamh nó gearrscannán a dhéanamh, ag léiriú go bhfuil eolas aige ar an bhformáid a roghnaigh sé (an amharclannaíocht nó an scannánaíocht). Beidh an saothar mar fhreagairt ar thaibhiú beo amharclannaíochta nó taispeántas scannánaíochta agus cuirfear an lucht féachana agus an seánra/ foirm/ tréimhse/ stíl ábhartha san áireamh.

I dtosach, déanfaidh an scoláire taighde ar a chuid oibre agus beidh cead aige teagmháil a dhéanamh le cleachtóirí scannánaíochta nó amharclannaíochta eile sa phobal áitiúil nó sa mhórphobal, mar chuid de chéim thaighde an phróisis seo. Beidh an rogha ag an scoláire bheith ag obair ar thionscadal ina aonar más mian leis, nó bheith ag comhoibriú le daoine eile.

Ba cheart go mbeadh an píosa drámaíochta cúig go hocht nóiméad ar fad. Ba cheart go mbeadh trí go cúig nóiméad i gceist sa leagan den ghearrscannán atá curtha in eagar. Taibhléireofar/taispeánfar an saothar do lucht féachana.

Níor chóir don scoláire tús a chur leis an tasc seo go dtí go bhfuil an chéad dá thasc chruthaitheacha fheidhmeacha curtha i gcrích aige.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an seánra/na seánraí/an tréimhse/na tréimhsí/an stíl/ na stíleanna/an fhoirm/na foirmeacha a shainaithint a bheidh mar bhunús lena dtasc cruthaitheach<br>• dul i ngleic go gníomhach leis an bpróiseas cruthaitheach chun píosa amharclannaíochta nó gearrscannán a dhéanamh<br>• comhoibriú le daoine eile (más ábhartha) chun coincheap a chomhaontú agus an tasc cruthaitheach a fhorbairt<br>• glacadh lena ró(i)l sa phróiseas agus na freagrachtaí atá air a thuiscint<br>• ag obair le chéile, i gcás inarb ábhartha, chun fadhbanna a fhiosrú agus réitigh a aimsiú<br>• bheith ag plé leis an lucht féachana, i gcás inarb ábhartha<br>• leas a bhaint as an tuiscint atá aige ar shaothair cleachtóirí aitheanta chun eolas a dhéanamh dá chleachtas cruthaitheach féin.<br>• spriocanna agus amlínte indéanta a leagan síos. | **3.13** forbairt, taifead agus eagarthóireacht a dhéanamh ar ghearrscannán nó píosa amharclannaíochta a dhéanamh, ag obair go comhoibríoch nó ina aonar.<br>**3.14** úsáid a bhaint as a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí aitheanta chun eolas a dhéanamh dá chleachtas cruthaitheach féin.<br>**3.15** saothar a thaibhiú/thaispeáint do lucht féachana.<br>**3.16** cinntí a rinneadh a mhíniú, ag tagairt do thionchar, agus ag déanamh machnamh ar éifeachtacht an phíosa.<br>**3.17** a chuid oibre a mheasúnú.<br>**3.18** machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhain leis an saothar a chruthú, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht le saothar cleachtóirí aitheanta ar a shaothar féin agus conas a rinne sé sin eolas dá shaothar féin. |

## Ag dul i ngleic le Réimsí Sonraithe na Foghlama

Beifear ag súil go mbeidh scoláire Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta ag dul i ngleic le léirithe scannáin agus taibhithe amharclannaíochta thar réimse leathan seánraí, tréimhsí, stíleanna agus foirmeacha.

Chun cabhrú le díriú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, agus chun a chinntiú go n-éiríonn leis an scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach sna trí shnáithe, ní mór go mbeadh rannpháirtíocht sa dá réimse leathana laistigh de gach disciplín (amharclannaíocht agus scannánaíocht) mar chuid den taithí seo.

- Beidh **Réimse 1** forordaithe agus áireofar ann léiriú (scannán) agus taibhiú (amharclannaíocht) forordaithe
  - Beidh trí rogha sa réimse forordaithe i gach disciplín (amharclannaíocht agus scannán), agus beidh léiriú/taibhiú trí mheán na Gaeilge ar cheann díobh
  - Beifear ag súil go roghnóidh an múinteoir, i gcomhairliúchán lena scoláire, rogha amháin i ngach disciplín (amharclannaíocht agus scannán)
  - Saineoidh seánra, tréimhse, stíl nó foirm shonraithe gach ceann de na réimsí sin
  - Fiosróidh an múinteoir agus an scoláire an seánra, tréimhse, stíl nó foirm ábhartha ag úsáid an léirithe (scannán)/ taibhithe (amharclannaíocht) socraithe
  - Chun tacú leis an bhfoghlaim seo, fiosróidh siad freisin rogha sleachta, radhairc agus/ nó gearrthóg ó scannán agus píosa amharclannaíochta amháin ar a laghad seachas an léiriú (scannán) agus taibhiú (amharclannaíocht) socraithe
  - Rachaidh sé i ngleic níos doimhne leis an léiriú (scannán) agus taibhiú (amharclannaíocht) beartaithe maidir leis an seánra, tréimhse, stíl nó foirm atá leagtha amach.
- Seánra, tréimhse, stíl nó foirm a bheidh i **Réimse 2** a roghnóidh an múinteoir, i gcomhairle leis an scoláire go saor
  - Ní féidir leis an seánra, tréimhse, stíl, foirm nó léiriú do Réimse 2 a bheith ar aon cheann de na trí rogha sonraithe do Réimse 1
  - Fiosróidh an scoláire príomhghnéithe, teicnící agus gnásanna an tseánra, na tréimhse, na stíle nó na foirme a roghnaíodh
  - Rachaidh sé i ngleic le rogha radharc, sleachta agus/nó gearrthóg gearr ó léiriú/taibhiú amháin ar a laghad, a bhaineann leis an seánra, tréimhse, stíl nó foirm roghnaithe
  - Ceadóidh an cur chuige seo don scoláire eolas agus tuiscint a fhorbairt ar phríomhghnéithe agus tréithe seánraí agus tréimhsí drámaíochta agus scannáin éagsúla.

Tugann an déchur chuige seo scafláil don teagasc agus foghlaim, tríd an ábhar forordaithe, chomh maith le neamhspleáchas áitiúil tríd an tsaoirse chun an dara réimse fiosraithe a roghnú i ngach disciplín. Cinntíonn an cur chuige seo freisin go mbíonn an deis ag scoileanna aghaidh a thabhairt ar léirithe/taibhithe sa scannán agus san amharclannaíocht. Ceadaíonn sé freisin don scoláire eolas agus tuiscint a fhorbairt ar phríomhghnéithe agus tréithe seánraí, tréimhsí, stíleanna agus foirmeacha a bhaineann le drámaíocht agus scannáin.

Cuideoidh rannpháirteachas le saothar cleachtóirí aitheanta leis an scoláire agus é ag déanamh dul chun cinn leis na tascanna a leagtar amach i snáithe a trí agus a thuiscint féin a ionchorprú ar phríomhghnéithe, gnásanna agus teicnící ina shaothar cruthaitheach féin.

Eiseofar teidil an scannáin agus an léirithe amharclannaíochta fhorordaithe do Réimse 1 i Réimsí Sonraithe na Foghlama trí chiorclán ón Roinn Oideachais.

| **Réimse Scannáin 1**<br>Roghnaigh rogha **amháin** ó Rogha A, B nó C | **Réimse Scannáin 2**<br>Roghnaigh seánra, stíl nó foirm éagsúil le Réimse 1 |
|---|---|
| **Rogha A**<br><br>Ainm an tseánra/na tréimhse/na stíle/na foirme:<br>Teideal an scannáin bheartaithe:<br>**nó**,<br><br>**Rogha B**<br><br>Ainm an tseánra/na tréimhse/na stíle/na foirme:<br>Teideal an scannáin bheartaithe:<br>**nó**,<br><br>**Rogha C**<br><br>Ainm an tseánra/na tréimhse/na stíle/na foirme:<br>Teideal an scannáin bheartaithe: | Ní féidir leis an seánra, tréimhse, stíl, foirm nó léiriú socraithe do Réimse 2 a bheith ar aon cheann de na trí rogha sonraithe do Réimse 1. |
| • Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhghnéithe, teicnící agus gnásanna an tseánra, na tréimhse, na stíle nó na foirme scannánaíochta a leagadh amach.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an seánra, tréimhse, stíl nó foirm forordaithe ag úsáid rogha sleachta, radharc agus/nó gearrthóg ó scannán eile amháin ar a laghad seachas an scannán socraithe.<br>• Dul i ngleic níos doimhne leis an scannán beartaithe a bhaineann leis an seánra, tréimhse, stíl nó foirm a leagadh amach. | Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhghnéithe, teicnící agus gnásanna an tseánra, na tréimhse, na stíle nó na foirme roghnaithe ag úsáid rogha sleachta, radharc agus/nó gearrthóg ó scannán amháin ar a laghad. |

Tábla 1: Réimsí Sonraithe na Foghlama sa Scannán

| **Réimse 1 Dráma/Amharclannaíochta**<br>Roghnaigh rogha **amháin** ó Rogha A, B nó C | **Réimse 2 Dráma/Amharclannaíochta**<br>Roghnaigh ó sheánra, stíl nó foirm éagsúil le Réimse 1 |
|---|---|
| **Rogha A**<br><br>Ainm an tseánra/na tréimhse/na stíle/na foirme:<br>Teideal an dráma bheartaithe:<br>Taibhiú ainmnithe:<br>**nó**,<br><br>**Rogha B**<br><br>Ainm an tseánra/na tréimhse/na stíle/na foirme:<br>Teideal an dráma bheartaithe:<br>Taibhiú ainmnithe:<br>**nó**,<br><br>**Rogha C**<br><br>Ainm an tseánra/na tréimhse/na stíle/ na foirme:<br>Teideal an dráma bheartaithe:<br>Taibhiú ainmnithe: | Ní féidir leis an seánra, tréimhse, stíl, foirm nó léiriú socraithe do Réimse 2 a bheith ar aon cheann de na trí rogha sonraithe do Réimse 1. |
| • Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhghnéithe, teicnící agus gnásanna an tseánra, na tréimhse, na stíle nó na foirme amharclannaíochta a leagadh amach.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an seánra, tréimhse, stíl nó foirm forordaithe ag úsáid rogha sleachta, radharc agus/nó gearrthóg ó dhráma eile amháin ar a laghad seachas an taibhiú socraithe.<br>• Dul i ngleic níos doimhne leis an dráma beartaithe (agus a thaibhiú sainithe) a bhaineann leis an seánra, tréimhse, stíl nó foirm atá leagtha amach. | Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhghnéithe, teicnící agus gnásanna an tseánra, na tréimhse, na stíle nó na foirme roghnaithe ag úsáid rogha sleachta, radharc agus/nó gearrthóg ó dhráma/ léiriú amharclannaíochta amháin ar a laghad. |

Tábla 2: Réimsí Sonraithe na Foghlama sa Dráma/ san Amharclannaíocht

# Teagasc ar fhoghlaim an scoláire

Tá Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta scoláire-lárnaithe ina dhearadh agus cuirtear béim ann ar eispéireas praiticiúil do gach foghlaimeoir. Ní mór an fhoghlaim san ábhar seo a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, a oiread agus is féidir, agus, cé go mbeidh an scoláire ag cleachtadh na cruthaitheachta ina aonar, go ginearálta, beidh an gníomh cruthaitheach ina iarracht chomhoibríoch.

Tacaíonn an t-ábhar le raon leathan cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a úsáid. Cothóidh oideolaíochtaí inaitheanta an tseomra ranga ina múintear Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta an smaointeoireacht chriticiúil, an smaointeoireacht chruthaitheach agus an cleachtas cruthaitheach. Spreagfar an scoláire smaointe agus coincheapa a shamhlú agus a thuiscint, sula dtosaíonn sé ag forbairt, ag beachtú, ag meas agus ag déanamh machnaimh ar a chuid shaothair.

Is céimeanna criticiúla iad an samhlú agus an coincheapú ag tús an phróisis chruthaithigh. Spreagfar an scoláire le réimse leathan ábhar, uirlisí, gnéithe, teicnící agus gnásanna a phlé agus triail a bhaint astu, agus tabharfar neart deiseanna dó gnéithe na drámaíochta, na scannán agus na hamharclannaíochta a iniúchadh agus a láimhsiú. Uaireanta baineann an próiseas cruthaitheach leis na ceisteanna cearta a chur, seachas an freagra ceart a fháil. Is suíomh maith don chruthaitheacht é suíomh ina mbíonn an scoláire compordach smaointe eile a mholadh, dul sa seans trí thriail a bhaint as rudaí, agus glacadh le rudaí nó iad a scaradh amach ó na smaointe a thagann chun cinn.

I bpáirt leis seo, déanfaidh an scoláire léirmhíniú agus anailísiú ar bhrí agus ar rún; tabharfaidh sé freagra ar shaothar daoine eile, lena n-áirítear an méid atá leagtha amach i réimsí sonraithe na foghlama, agus ar a shaothar féin. Mar thoradh air sin, forbróidh an scoláire cruthaitheacht, breithiúnas cruthaitheach agus machnamh.

I gcéimeanna deiridh na bpróiseas freagartha cruthaitheach agus criticiúil, déanfaidh an scoláire a chuid saothair a bheachtú, a mheas agus déanfaidh sé machnamh ar a chuid saothair. Chun tacú leis na céimeanna seo, beidh aiseolas ón múinteoir agus ó phiaraí, chomh maith le deiseanna struchtúrtha don scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama fite fuaite sa phróiseas foghlama. Mar atá leagtha amach thíos, tacóidh punann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta le próisis chriticiúla agus chruthaitheacha, ag cur le forbairt, foghlaim, agus éachtaí an scoláire.

Teastaíonn tacaíocht de mhéid agus de chineál difriúil ón scoláire ionas go n-éireoidh leis. Beidh éileamh difriúil le sonrú in aon ghníomhaíocht foghlama mar go mbíonn smaointe agus tuiscint dhifriúil ag an scoláire ina leith. Cuirtear an ionchuimsitheacht chun cinn trí úsáid a bhaint as straitéisí, mar shampla leibhéal na hinniúlachta a theastaíonn a athrú, méid agus cineál idirghabháil an mhúinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim agus soláthróidh siad faisnéis atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna cuí agus mealltacha a shocrú, ceisteanna a mbaineann dúshlán éagsúil cognaíoch leo a chur, agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an scoláire chun cinn, tacóidh an measúnú le foghlaim chomh maith le hachoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil.

## Foirm agus feidhm Phunann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

Thar dhá bhliain an chúrsa beifear ag súil le go mbeidh an scoláire ag glacadh páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí chun tacú le próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla. Cuimseofar go leor de na gníomhaíochtaí seo i bPunann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, a fhorbróidh gach scoláire.

Cuireann sé seo deis ar fáil don scoláire a chuid éachtaí cruthaitheacha a chur i láthair, spriocanna a leagan síos, straitéisí foghlama a fhorbairt agus éirí níos neamhspleáiche ina chuid foghlama. Má úsáidtear go héifeachtach é, éascaítear an dea-chleachtas sna réimsí cruthaitheacha agus criticiúla. D'fheadfaí cabhrú le tacaíocht a thabhairt do mheasúnú foirmitheach leanúnach an mhúinteora má úsáidtear punann i seomra ranga Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, chomh maith le ligean don scoláire féinmheasúnú a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar phiaraí. Ina theannta sin, is bealach é chun machnamh a dhéanamh ar na próisis freagartha chruthaitheacha agus chriticiúla agus foghlaim uathu.

Cuimseoidh an phunann raon leathan de mhíreanna, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh; téacsanna scríofa, ábhair chlosamhairc, taifid foghlama, machnaimh agus spriocanna. Ina theannta sin, beidh fianaise ann a thacaíonn le gach céim den trí TCF, lena n-áirítear dréachtaí, nótaí, sceitsí, an tairbhiú/léiriú deiridh agus machnamh lena mbaineann, mar atá leagtha amach i Snáithe 3. Aithnítear gur féidir, sa chomhthéacs seo, saothar drámaíochta agus amharclannaíochta a chruthaigh an scoláire féin a chur i láthair i bhformáidí difriúla – lámhscríofa, ilmhódach agus mar sin de.

Beidh réimse freagraí ón scoláire sa Phunann chomh maith, a bhaineann leis na scannáin agus na taibhithe amharclannaíochta atá feicthe acu. Ba cheart go mbeadh freagairtí ar thaibhiú amharclannaíochta poiblí beo amháin ar a laghad mar chuid den rogha chomh maith le taispeántas pictiúrlainne beo amháin ar freastalaíodh orthu. Tabharfaidh sé breithmheas agus cruthóidh sé freagra criticiúil agus pearsanta, ag baint úsáid as teanga agus gnásanna a oireann don chineál critice seo.

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Tacaíonn an measúnú leis an bhfoghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair.

De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an scoláire chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar réasúnaíocht, ar aidhmeanna agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise (CMB) a bhfuil Tionscadal Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta: An Chruthaitheacht i gCleachtas i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Bunófar CMB Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar measúnú ar Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta ar dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 3). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag gach leibhéal.

| Comhpháirt measúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tionscadal Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta: An Chruthaitheacht i gCleachtas | 50% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 50% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

Tábla 3: Achoimre ar an measúnú don teistiúchán

## Comhpháirt mheasúnaithe bhreise: Tionscadal An Chruthaitheacht i gCleachtas

Tugann Tionscadal An Chruthaitheacht i gCleachtas deis don scoláire fianaise ar a fhoghlaim tríd an gcúrsa a léiriú, go háirithe, an fhoghlaim mar atá leagtha amach mar thorthaí i Snáithe 1, Próiseas Cruthaitheach agus Snáithe 3, Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha.. Anseo, cruthaíonn an scoláire saothar le linn an chúrsa mar fhreagairt ar an gcoimre a leag CSS amach. I mBliain 2, cuirfidh sé isteach é chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) lena mharcáil, mar fhianaise ar a chumas na céimeanna den phróiseas cruthaitheach a úsáid, chun píosa gearr de shaothar cruthaitheach nó amharclannaíochta a cheapadh, a fhorbairt agus a thaibhiú/thaispeáint do lucht féachana dá phiaraí, chun a chinntí a chruthú agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a shaothar féin. Dearadh é le bheith comhtháite go nádúrtha i sreabhadh an teagaisc agus na foghlama agus le bheith níos spreagúla agus níos ábhartha don scoláire, a tharraingíonn aird ar ábharthacht na cruthaitheachta ina shaol.

Leis an Tionscadal An Chruthaitheacht i gCleachtas, tugtar deiseanna don scoláire tabhairt faoina chuid spéiseanna sa drámaíocht, scannán agus amharclannaíocht, a chuid cinntí cruthaitheacha a dhéanamh, tuiscint choincheapúil dhomhain a chothú agus a chuid foghlama a bhainistiú.[2]

Cé gur féidir tabhairt faoin tionscadal go comhoibríoch, ní mór do gach scoláire a chuid saothair a leagan isteach ar bhonn aonair.

[2] Meastar go dtógfaidh an chomhpháirt mheasúnaithe bhreise suas le 25 uair an chloig le críochnú.

## Coimre tionscadail

Eiseoidh SEC *Coimre Tionscadail An Chruthaitheacht i gCleachtas* go bliantúil i dtéarma a dó den chéad bhliain den chúrsa. Chomh maith le riachtanais shonracha an Tionscadail An Chruthaitheacht i gCleachtas a leagan amach, déanfar an méid a leanas sa choimre:

- áireofar ábhar spreagtha ann chun comhthéacs a bhunú don tionscadal
- soláthrófar leideanna sonracha chun an scoláire a threorú agus a shaothar tionscadail á fhorbairt
- ligfear don scoláire a chuid smaointeoireachta agus smaointe a fhorbairt ar réimsí ba mhaith leis/léi a fhiosrú a bhaineann leis an gcoimre
- éascófar pleanáil an mhúinteora agus an scoláire
- ceadófar don scoláire ábhair a fhorbairt agus acmhainní a fháil ar féidir leis tarraingt orthu de réir mar a chuireann sé a thionscadal i gcrích.

Ag cur lena chuid foghlama go dtí sin, forbróidh an scoláire agus cuirfidh sé i bhfeidhm réimse scileanna cruthaitheacha. Ba cheart don scoláire foghlaim lena aithint go mbaineann obair i bhfearann cruthaitheach le dul i ngleic leis an bpróiseas agus foghlaim uaidh, de réir mar a thugann sé faoina léiriú/taibhiú cruthaitheach.

Forbróidh an scoláire dialann tionscadail chun cuntas barántúil a thabhairt ar an gcaoi a dtiteann obair an tionscadail amach, tabharfaidh sé fianaise ar a rannpháirteachas atriallach sna céimeanna éagsúla den phróiseas cruthaitheach suas go dtí meastóireacht ar a chuid saothair féin agus é sin san áireamh.

Chun an Tionscadal An Chruthaitheacht i gCleachtas a chur i gcrích, cuireann an scoláire i bhfeidhm na céimeanna ábhartha den phróiseas cruthaitheach chun an méid a leanas a dhéanamh:

- Píosa gearr de shaothar cruthaitheach a dhéanamh/cheapadh sa scannán nó amharclannaíocht a bhaineann leis an ábhar spreagtha a thugtar sa choimre
- Saothar a thaibhiú/thaispeáint do lucht féachana dá phiaraí
- Measúnú a dhéanamh ar a chuid oibre agus a chuid cinntí cruthaitheacha a mhíniú.

Cuirfidh an scoláire a roghnaíonn píosa gearr de shaothar a chruthú sa scannán taifeadadh den saothar seo isteach, mar a taispeánadh don lucht féachana. Cuirfidh an scoláire a roghnaíonn píosa gearr de shaothar amharclannaíochta a chruthú taifeadadh de thaibhiú den saothar seo isteach, mar a taibhíodh don lucht féachana.  Ar chur i gcrích an tionscadail, cuirfidh an scoláire a thionscadal agus an t-ábhar taifeadta lena mbaineann isteach i mBliain 2, i bhformáid atá leagtha síos ag SEC.

Tá ardleibhéal neamhspleáchais ag scoileanna chun cur i gcrích an tionscadail a phleanáil agus a eagrú. Tugann doiciméad ar leith, *Treoirlínte chun Tacú leis an Tionscadal An Chruthaitheacht i gCleachtas*, treoir maidir le raon ábhar a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht an tionscadail.

## Tuairisceoirí Cáilíochta don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'

Baineann na tuairisceoirí cáilíochta leis an bhfoghlaim a bhain an scoláire amach sa tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'. Éilítear go bhfreagróidh an scoláire don spreagthach sa tionscadal seo trí

- An próiseas cruthaitheach a chur i bhfeidhm
- A chuid smaointe agus coincheap a chur i gcrích
- Scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a léiriú
- Cinntí a mhíniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| An próiseas cruthaitheach a chur i bhfeidhm | dul i ngleic leis an bpróiseas cruthaitheach ar bhealach an-tomhaiste, ag taispeáint a chuid pleanála agus ábhar réamhléiriúcháin go mion. | dul i ngleic leis an bpróiseas cruthaitheach ar bhealach córasach, ag taispeáint a chuid pleanála agus ábhar réamhléiriúcháin go measartha mion. | dul i ngleic leis an bpróiseas cruthaitheach ar bhealach teoranta, le roinnt céimeanna in easnamh agus easpa mionsonraí ina chuid pleanála agus ábhar réamhléiriúcháin. |
| A chuid smaointe agus coincheap a chur i gcrích | saothar amharclannaíochta nó scannánaíochta a chur i gcrích agus a chruthú a chuireann a chuid smaointe agus coincheap in iúl go soiléir mar fhreagairt ar an spreagthach | saothar amharclannaíochta agus scannánaíochta a chur i gcrích agus a chruthú a chuireann a chuid smaointe agus coincheap in iúl go teoranta mar fhreagairt ar an spreagthach | saothar amharclannaíochta agus scannánaíochta a chur i gcrích agus a chruthú, nach gcuireann smaointe agus coincheapa in iúl agus a thaispeánann nach bhfuil mórán bainte aige leis an spreagthach a cuireadh ar fáil |
| Scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a léiriú | scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a eiseamláiriú ar bhealach an-inniúil | scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a eiseamláiriú ar bhealach réasúnta inniúil | scileanna teoranta teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a eiseamláiriú |
| Cinntí a mhíniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre | meastóireacht a dhéanamh ar a aschur cruthaitheach le gach céim agus cinneadh mínithe, a thugann machnamh tomhaiste agus léirsteanach ar an bpróiseas cruthaitheach a ndeachthas i ngleic leis, lena n-áirítear freagairt an lucht féachana. | meastóireacht a dhéanamh ar a aschur cruthaitheach le formhór na gcéimeanna agus na gcinntí mínithe, a thugann machnamh tomhaiste ar an bpróiseas cruthaitheach a ndeachthas i ngleic leis, lena n-áirítear freagairt an lucht féachana. | a shaothar cruthaitheach a mheas gan mórán fianaise ná míniúcháin maidir leis na céimeanna éagsúla, ag tabhairt machnamh teoranta ar an bpróiseas cruthaitheach a ndeachthas i ngleic leis, lena n-áirítear freagairt lucht féachana. |

Tábla 4: Tuairisceoirí Cáilíochta don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (Fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sna trí shnáithe den tsonraíocht
- ag dul i ngleic le réimsí sonraithe na foghlama mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais.

# Socruithe réasúnta

Éilíonn sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 50% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 50% í. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm is atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na hoiriúntais seo.

Is cúinsí iad sin inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasaithe, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula ndéanfaidh an scoláire cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí, i gcomhairle leis an scoil, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1–7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 – 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

Tábla 5: Grádú na hArdteistiméireachta

# Aguisín 1 – Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| **Ag déanamh ceardlann** | An próiseas a bhaineann le smaointe nua a iniúchadh don léiriú. Bunaithe ar obair tobchumadóireachta go minic agus bunaithe ar fhreagairt ar spreagthach. |
| **Amharclann** | (ón nGréigis theatron = breathnaigh) Léiriú agus stáitsiú na ndrámaí. Chomh maith leis sin, an foirgneamh nó an spás don taibhiú. |
| **An Criú** | Baill na foirne léiriúcháin (féach sainmhíniú ar fhoireann léiriúcháin). |
| **An fhoireann chruthaitheach** | An comharghrúpa atá freagrach as an bhfís ealaíonta agus as an gceannaireacht chun saothar scannánaíochta nó amharclannaíochta a chruthú. |
| **An fhoireann léirithe** | An comharghrúpa, seachas an fhoireann chruthaitheach, atá freagrach as na gnéithe léiriúcháin le haghaidh saothar amharclannaíochta nó scannánaíochta. |
| **An léiritheoir** | An duine atá i gceannas ar an mbainistíocht, an smacht dlíthiúil agus airgeadais a bhaineann le léiriú scannáin nó amharclannaíochta a dhéanamh. |
| **Blocáil** | An próiseas a bhaineann le gníomhú agus gluaiseacht an tsaothair scannánaíochta nó amharclannaíochta a eagrú le linn an chleachtaidh, a fhíoraítear sa léiriú ansin. An stiúrthóir i gceannas air. |
| **Cleachtas Cruthaitheach** | Modhanna cruthaitheacha agus ealaíonta a úsáid i gcomhthéacs praiticiúil chun saothair nua a chruthú. |
| **Cleachtóir** | Ealaíontóirí proifisiúnta lena n-áirítear taibheoirí, an fhoireann chruthaitheach agus an fhoireann léirithe. |
| **Cur i láthair** | Smaoineamh a chur i láthair do thaibhiú scannáin nó amharclannaíochta, a mbíonn cáipéis léirithe in éineacht leis go minic. |
| **Doiciméad léirithe** | Doiciméad a léiríonn scéal, coincheap agus smaoineamh físiúil de léiriú scannánaíochta nó amharclannaíochta sula scríobhtar script agus sula gceaptar an gníomhú. Uaireanta cuirtear in iúl via cur i láthair é. |
| **Dráma** | (ón nGréigis drao = déan) An próiseas a bhaineann le saothair chruthaitheacha a dhéanamh agus a fhiosrú. Téacs scríofa an dráma agus ealaín na scríbhneoireachta agus léiriú drámaí. |
| **Ensemble-stiúrtha** | Aicsean drámata a thagann ó nó atá bunaithe ar shaothar an chomharghrúpa taibheoirí agus na foirne cruthaithí. |
| **Foirm** | Cruth nó struchtúr an tsaothair ealaíonta, leagtha amach ag gnásanna agus laistigh de rialacha seánra nó tréimhse de ghnáth. |
| **Gnásanna** | Na próisis ealaíonta a meastar gurb iad na gnáthchleachtais oibre iad laistigh de sheánra, d'fhoirm nó de stíl ar leith, is féidir a réadú trí theicnící éagsúla. |
| **Gnéithe** | Tréithe nó saintréithe sainiúla de phíosa ealaíne nó de thréimhse, stíl nó seánra. |
| **Pobal** | Aon duine nó daoine a bhreathnaíonn ar obair chruthaitheach nó a théann i ngleic léi. |
| **Próiseas** | An turas cruthaitheach a bhaineann le déanamh, iniúchadh agus léiriú smaointe ar mhaithe le saothair dhrámaíochta, amharclannaíochta agus scannánaíochta a chruthú. |
| **Radharc** | Aonad gníomhaíochta i ndráma nó i scannán, suite sa suíomh agus sa tréimhse chéanna de ghnáth agus baint ag na carachtair chéanna leis. |
| **Script** | Saothar scríofa cruthaithe ag drámadóir don amharclann. Anois tagann sé ón taibhiú ceaptha uaireanta. |

| | |
|---|---|
| **Script scannáin** | Saothar scríofa cruthaithe ag scríbhneoir scripte do scannán nó don teilifís. |
| **Seánra** | Stíl nó rangú an tsaothair chruthaithigh. Is ionann brí dó agus 'tréimhse' uaireanta. |
| **Seicheamh** | Sraith radharc a chruthaíonn seicheamh gníomhaíochtaí nó insint i scannán. |
| **Stíl** | Gnéithe ealaíonta inaitheanta cleachtóra ar leith, nó seánra nó tréimhse ar leith. Cuireann sí bonn eolais faoin bpróiseas cruthaitheach ina ndéantar saothar nua. |
| **Stiúrthóir** | An duine leis an bpríomhfhís don taibhiú agus atá freagrach as a bheith i gceannas as an bhfoireann chruthaitheach agus maoirseacht a dhéanamh ar gach gné den phróiseas ó thaibhithe aisteoireachta aonair go gnéithe amhairc an léirithe. |
| **Taibhiú** | Bheith ag aisteoireacht i dtaibhiú drámata nó i scannán. |
| **Taibhiú beo** | taibhiú nó léiriú taispeánta i bhfíor-am ag ionad fisiciúil |
| **Taispeántas/taibhiú suaimhneach** | Taispeántas/taibhiú ina mionathraítear gnásanna chun an t-imeacht a dhéanamh níos inrochtana do lucht féachana le riachtanais bhreise cosúil le NSU. D'fhéadfaí a áireamh leis na mionathruithe sin leibhéil fuaime a ísliú, soilse tí a fhágáil ar siúl agus ceadú don lucht féachana gluaiseacht go saor le linn an imeachta. |
| **Teicnící** | Na modhanna ealaíonta a úsáidtear chun taibhiú a réadú laistigh de ghnás. |
| **Tobsmaointeoireacht** | Cruthú agus taibhiú gan smaoineamh nó gan ullmhú, go ginearálta le linn an chleachtaidh mar chuid de chéim thosaigh an bhlocála. |
| **Tréimhse** | Achar ama stairiúil (ré) a bhaineann le saothar cruthaitheach. Is ionann brí dó agus 'seánra' uaireanta. |

# Aguisín 2 – Gluais de Bhriathra Gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a úsáidtear sa tsonraíocht a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach.

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Anailísigh** | Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion; codanna agus coibhneasa a shainaithint agus a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Bain triail as** | aghaidh a thabhairt ar chruthú go spraíúil nó go córasach, ach le toradh nach fios i gcónaí |
| **Beachtaigh** | mionathruithe a dhéanamh ar mhaithe le saothar a fheabhsú nó a shoiléiriú |
| **Ceap** | cleachtas ealaíonta a úsáidtear chun saothar ghnímh dhrámata a thógáil, ag obair ó phointe tosaigh nach téacs scríofa é. |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil, nó a chruthú trí phróiseas sainithe a leanúint |
| **Cuir in eagar** | ullmhú trí cheartú, trí choimriú nó trí shaothar a athrú ar bhealach ar bith eile |
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí |
| **Déan critíc ar** | anailís agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar ghníomh, smaoineamh nó dearcadh |
| **Dréachtaigh** | smaoineamh nó coincheap a fhorbairt le haghaidh obair phleanáilte |
| **Fiosraigh** | Breathnaigh, ceistigh, cíor, déan staidéar, d'fhonn fíricí nó cur i bhfeidhm a chruthú |
| **Forbair** | éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de |
| **Freagair** | Freagairt thomhaiste a chur in iúl |
| **Iniúchadh** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Machnaigh** | machnamh meabhraitheach cúramach a dhéanamh ar a ngníomhartha, taithí, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus chun brí dá gcuid féin a bhaint as |
| **Meas** | nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| **Measúnú** | saothar a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas ealaíonta a dhéanamh; breithiúnais ealaíonta a dhéanamh faoi na smaointe nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí nó dearcthaí ealaíonta; tuairimí nó conclúidí a chuirtear i láthair go soiléir agus a dtacaítear leo le fianaise chuí |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair nó eolas a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Tabhair le fios** | réiteach/réitigh, hipitéis nó freagra(í) féideartha eile a mholadh |
| **Taifead** | (íomhánna agus fuaim) a thiontú i bhfoirm dhigiteach bhuan go léireofar arís iad nó go gcraolfar iad ina dhiaidh sin |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Téigh i ngleic le** | próiseas, straitéis, plean nó gnás a dhéanamh go gníomhach agus go dílis |
| **Úsáid** | úsáid a bhaint as |
| **Úsáid** | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |

# Aguisín 3 – Ról na Scéalaíochta

Bhí scéalta ann ó thús an chine dhaonna. Ó na scéalta a insíodh sna pictiúir in uaimheanna ársa go dtí na scéalta a insítear do pháistí óga am codlata, tá scéalta ina gcuid dár stair agus treoraíonn siad ár dtodhchaí. Baineann go leor cumhachta leo agus tá siad ina gcuid de gach cultúr. Múintear moráltacht sna scéalta seo; féadfaidh siad stair a mhúineadh dúinn, siamsaíocht a thabhairt dúinn, muid a chur ag gáire nó ag caoineadh. Chomh maith leis sin, cuireann siad ag smaoineamh muid faoi rudaí ar bhealaí nár bhreathnaíomar orthu roimhe go dtí seo. Bíonn insint agus roinnt scéalta i gcroílár an naisc a bhíonn idir daoine.

Baineann luachanna móra leis an scéalaíocht don duine a insíonn an scéal mar aon leis na daoine a éisteann leis an scéal. I measc na luachanna a chothaíonn an scéalaíocht ina rannpháirtithe, tá an luach go gcuireann sí feabhas lenár scileanna litríochta agus samhlaíochta. Cuirimid lenár gcumas éisteachta, labhartha, samhlaithe agus cumtha. Cuireann an scéalaíocht lenár bhfeasacht ar ár gcultúr féin mar aon le cultúir eile, ligean sí dúinn tuiscint níos fearr a fháil orainn féin agus spreagann sí braistint ionann go bhfuilimid mar bhall de ghrúpa.

Cuireann an scéalaíocht lenár bhfeasacht ar ár gcultúr féin mar aon le cultúir eile, ligean sí dúinn tuiscint níos fearr a fháil orainn féin agus spreagann sí braistint ionann go bhfuilimid mar bhall de ghrúpa. Is féidir í a shaothrú chun braistint comhbhá agus dlúthpháirtíochta a chur chun cinn le daoine ó raon pobal agus cultúr agus féadfaidh sí an scoláire a spreagadh chun bealaí malartacha a shamhlú agus a chruthú chun cónaí lena chéile atá fréamhaithe sa tsíocháin agus sa cheartas.

Bíonn an scéalaíocht cumhachtach ag cabhrú leis an scoláire a chumais chruthaitheachta a spreagadh; ag cur samplaí den réiteach fadhbanna agus den chinnteoireacht ar fáil dó, agus ag cabhrú leis scileanna sa phlé agus sa chomhoibriú a fhorbairt.

Is minic go mbreathnaítear ar an scéalaíocht mar chuid lárnach den amharclannaíocht agus scannáin a chruthú, cé nach é an t-aon bhealach é chun coincheap a chur in iúl. Roghnaíonn go leor cleachtóirí bealach atá níos teibí, níos radacaí nó níos turgnamhaí chun a gcuid smaointe a chur in iúl. Is féidir le heaspa scéil a bheith ina scéal é féin. Seans gurbh fhearr le scoláire amháin Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta teicnící scéalaíochta nó insinte traidisiúnta a úsáid ina shaothair chruthaitheacha agus gurbh fhearr le scoláire eile cuir chuige níos turgnamhaí agus neamhthraidisiúnta a úsáid, agus d'fhéadfadh scoláire eile an dá rud a chur i bhfeidhm. Níl ceachtar den dá chur chuige níos fearr ná an ceann eile – níl iontu ach bealaí éagsúla chun smaoineamh a chur in iúl don lucht féachana.

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.